Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Nollaig 2025
(OR. en)

15862/1/25
REV 1

LIMITE

PECHE 413

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0285 (NLE)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena socraítear le haghaidh 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh<br>– Ullmhúchán don chomhaontú polaitiúil |

## I) RÉAMHRÁ

1. Chuir an Coimisiún an togra thuasluaite, atá bunaithe ar Airteagal 43(3) CFAE, faoi bhráid na Comhairle an 22 Meán Fómhair 2025[1]. Is é is aidhm don togra deiseanna iascaireachta a shocrú le haghaidh 2026 sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh, i gcomhréir leis an bplean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar agus leis na moltaí ón gCoimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM). Thug an Coimisiún an togra cothrom le dáta i bpáipéar leathoifigiúil a thíolaic sé an 25 Samhain 2025[2].

2. Scrúdaigh an Mheitheal um an mBeartas Iascaigh an togra ag an gcruinniú a bhí aici an 9 Deireadh Fómhair 2025. Ina dhiaidh sin, bhí an chéad seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir leis an togra an 17 Samhain 2025. Leag na hairí béim ar leith ar a thábhachtaí atá sé an ghné shocheacnamaíoch a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir le bearta nua, agus d’iarr Ballstát amháin moratóir ar bhearta 2026.

[1] 13077/25 + ADD 1
[2] 15685/25

3. Phléigh an Mheitheal um an mBeartas Iascaigh ar leibhéal na nArd-Stiúrthóirí an sásra cúitimh ar bhealach leathan an 18 Samhain, agus scrúdaigh an Mheitheal ar leibhéal na n-ataiséanna an páipéar leathoifigiúil ón gCoimisiún an 27 Samhain 2025. Ar an dara dul síos, chuir na toscaireachtaí forchoimeádais ghrinnscrúdaithe isteach maidir leis an bpáipéar leathoifigiúil. D'iarr toscaireacht amháin soiléirithe teicniúla breise maidir leis an bpáipéar leathoifigiúil, lena n-áirítear na modhanna ríofa, agus d'ardaigh sí an tsaincheist maidir lena theacht isteach déanach. Tá tuilleadh sonraí faoi sheasamh na dtoscaireachtaí le fáil ina mbarúlacha i scríbhinn[3].

4. Eisíodh leagan comhdhlúite den togra an 28 Samhain 2025[4].

5. Go ginearálta, creideann an Uachtaránacht gur cheart na prionsabail seo a leanas a bheith ina dtreoir don phlé agus don chinneadh críochnaitheach:

– tiomantas láidir do chuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) mar a leagtar síos in Airteagal 2 de Rialachán CBI[5] iad;

– comhlíonadh fhorálacha an phlean ilbhliantúil maidir le stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar[6];

– cinntí a bhunú ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil.

6. D'eagraigh an Uachtaránacht cruinnithe tríthaobhacha teicniúla an 26 Samhain leis an Coimisiún agus leis na toscaireachtaí chun na saincheisteanna atá fós gan réiteach a shoiléiriú. Cuirtear na saincheisteanna sin i láthair i gcuid II thíos.

## II) SAINCHEISTEANNA ATÁ FÓS GAN RÉITEACH

7. Is é an phríomh-shaincheist atá fós gan réiteach an laghdú suntasach ar an iarracht iascaireachta maidir le stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar dá bhforáiltear in Iarscríbhinn III den togra ón gCoimisiún.

---

3 WK 16561/25 + ADD1

4 15905/25 + ADD1

5 Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

6 Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 (IO L 172, 26.6.2019, lch. 1).



PUBLIC

8. Maidir le trálaeireacht, is é -65 %an laghdú ar an iarracht iascaireachta in aonad bainistithe iarrachta (EMU) 1[7] agus -64 % in EMU 2[8], bunaithe ar staid an stoic is leochailí, i.e. gliomach na hIorua i bhfolimistéir gheografacha (FLGanna) 6 agus 11. Ina thogra, comhlánaíonn an Coimisiún an laghdú ar an iarracht leis na bearta feabhais: teorannacha gabhála le haghaidh colmóirí a ghabhtar le heangacha geolbhaigh agus le traimlí, toirmeasc ar threalamh tráil otair dúbailte a úsáid, agus íosmhéid tagartha caomhnaithe le haghaidh ghliomaigh na hIorua. Ina theannta sin, socraítear leis an togra uasiarracht iascaireachta incheadaithe do bháid spiléireachta a bhíonn ag iascaireacht colmóirí.

PUBLIC

9. Maidir leis an sásra cúitimh, i dteannta na gcritéar éagsúil, lena n-áirítear roghnaíocht agus tréimhsí coiscthe, lena gceadaítear laethanta iascaireachta breise a leithdháileadh ar shoithí, tá cúiteamh geografach beartaithe freisin le haghaidh soithí a bhíonn ag iascaireacht in FLGanna áirithe. Cuirtear uasteorainn leis an sásra cúitimh le méid na laethanta iascaireachta a leithdháiltear faoi Rialachán 2024/259.

10. Tá na toscaireachtaí lena mbaineann i gcoinne na laghduithe sin mar gheall ar a dtionchar socheacnamaíoch tromchúiseach agus iarrann siad go ndéanfaí leibhéal iarrachta iascaireachta 2025 a thar-rolladh. Chuir dhá thoscaireacht in iúl nár cuireadh san áireamh sa togra éifeacht na mbeart roghnaíochta a tugadh isteach in 2025. Maidir le bearta feabhais, tá dhá thoscaireacht i gcoinne teorainneacha gabhála le haghaidh colmóirí, agus d'iarr toscaireacht amháin go ndéanfaí tar-rolladh. Tá toscaireacht eile i gcoinne toirmeasc a chur ar threalamh tráil otair dúbailte a úsáid, agus é á áitiú aici go leanfadh rogha an trealaimh úsáidte de bheith deonach. Tá toscaireacht amháin i gcoinne an laghdaithe 25 % atá beartaithe ar an iarracht iascaireachta do bháid spiléireachta in EMU 2.

11. Maidir leis an sásra cúitimh, luaigh dhá thoscaireacht go raibh teorainn le huasteorainn fhoriomlán an tsásra. Iarrann na toscaireachtaí go gcoinneofaí na critéir agus na céatadáin nasctha chomh gar agus is féidir do bhearta 2025 ionas gur féidir éifeacht fhadtéarmach an tsásra a thomhas, agus luaigh na toscaireachtaí uile lena mbaineann go sonrach an gá atá leis an gcritéar sonrach maidir le dúnadh buan a choinneáil ag doimhneacht faoi bhun 800 m. Measann toscaireacht amháin gur cheart tuilleadh cúitimh a thabhairt do shoithí a bhfuil an beart céanna á chur chun feidhme acu ar feadh tréimhse níos faide. Chuir dhá thoscaireacht in iúl go raibh imní orthu faoin gcúiteamh geografach nua atá bunaithe ar na FLGanna, lena n-áirítear an ceanglas go mbeadh soitheach tar éis iascaireacht a dhéanamh go heisiach in FLG áirithe in 2025. D'iarr toscaireacht amháin níos mó solúbthachta a bheadh mar chuid den sásra maidir le laethanta iascaireachta a aistriú idir soithí a roghnaigh na critéir chéanna a chomhlíonadh.

---

[7] Uiscí na Spáinne agus na Fraince; ina gcuimsítear FLGanna 1-2-5-6-7.
[8] Uiscí na Fraince agus na hIodáile; ina gcuimsítear FLGanna 8-9-10-11.

12. Gné eile atá á plé is ea tar-rolladh beartaithe na n-uasteorainneacha gabhála incheadaithe don séacla gorm agus dearg sa dá limistéar bainistíochta, chomh maith leis an séacla mór dearg in EMU 2. D'iarr toscaireacht amháin méadú ar an séacla gorm agus dearg in EMU 1, ach d'athdhearbhaigh toscaireacht eile an iarraidh chéanna ar an séacla mór dearg in EMU 2. Luaigh toscaireacht amháin a dheacra atá sé úsáid a bhaint as an gcuóta séaclaí agus gan ach líon beag laethanta iascaireachta leithdháilte.

13. Iarrann toscaireacht amháin go mbainfí an fhoráil maidir le cúiteamh a laghdú faoina leath mura gcuirfidh Ballstát lena mbaineann a fhógra faoi leithdháileadh breise na laethanta iascaireachta faoi bhráid an Choimisiúin roimh an 30 Meitheamh 2026.

## III) CONCLÚID

14. Iarrtar ar an gComhairle aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna atá fós gan réiteach a leagtar amach faoi phointe II, d'fhonn teacht ar chomhaontú polaitiúil ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh atá beartaithe don 11 go dtí an 12 Nollaig 2025.

PUBLIC